CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/414 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Feabhra 2023

lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Spáinn

(a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2023) 1270)

(Is é an téacs Spáinnise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den ghalar sin i measc ainmhithe den chineál gabhair agus den chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfaidh sé go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar na hainmhithe sin.

(2) Sainmhínítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar mar ghalar de chatagóir A i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([2]). Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([3]) forlíontar na rialacha i dtaca le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainítear mar ghalair i gcatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882. Go háirithe, déantar foráil in Airteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar i gcatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe rialaithe galar atá le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta agus crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall ar na criosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 ón gCoimisiún ([4]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála don Spáinn i ndáil le ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar, a braitheadh i réigiúin na hAndalúise agus Castilla-La Mancha, ar dhá bhraisle ar leith iad, ceann amháin i ngach réigiún.

(4) Go sonrach, foráiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir leis na criosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise, atá le bunú ag an Spáinn tar éis ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm ar chatagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil baol suntasach ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2022 maidir le bearta áirithe éigeandála a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Spáinn agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1913 (IO L 308, 29.11.2022, lch. 22).

(5) Thairis sin, san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, déantar iad a thiomsú agus socraítear dáta comhchoiteann maidir leis an bhfad a bheidh na bearta i bhfeidhm, le haghaidh gach braisle, agus an dáta a tugadh an réamhghlanadh agus an réamhdhíghalrú deireanach i gcrích á chur san áireamh, ionas go ndearnadh réamhghlanadh agus réamhdhíghalrú i leith gach ráige laistigh den limistéar céanna.

(6) I dteannta na gcriosanna cosanta agus faireachais, bunaíodh crios srianta breise, i gcomhréir le hAirteagal 21(1), pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, i réigiún na hAndalúise agus i réigiún Castilla-La Mancha, áit ina bhfuil sé de cheanglas ar an Spáinn bearta áirithe a chur i bhfeidhm, maidir le srianta ar ghluaiseachtaí caorach agus gabhar lasmuigh den chrios sin, d'fhonn cosc a chur ar leathadh an ghalair chuig an gcuid eile dá críoch agus chuig an gcuid eile den Aontas.

(7) Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi dhá ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál caorach agus/nó den chineál gabhair, bunaíochtaí atá lonnaithe i réigiún Castilla-La Mancha. Dá thoradh sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, chomh maith le crios srianta breise le haghaidh na Spáinne, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, leasaíodh iad le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/10 ón gCoimisiún ([5]).

(8) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/10 ann, thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi trí ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí inar coimeádadh ainmhithe den chineál caorach agus/nó den chineál gabhair, bunaíochtaí atá go léir lonnaithe i réigiún Castilla-La Mancha, laistigh den chrios srianta breise atá bunaithe sa réigiún sin cheana. Bhí dhá cheann de na ráigeanna sin ann i gCúige Cuenca, agus bhí an tríú ráig ann i gCúige Ciudad Real agus is é an chéad ráig a tuairiscíodh sa chúige seo.

(9) I réigiún na hAndalúise, níor tuairiscíodh aon ráig nua den bholgach caorach ná den bholgach gabhar go dtí seo, ó deimhníodh na ráigeanna deireanacha an 7 Samhain 2022. Mar thoradh air sin, tá deireadh curtha le gach crios srianta sa réigiún sin ón 16 Eanáir 2023.

(10) Rinne údarás inniúil na Spáinne na bearta rialaithe galar is gá i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear bunú criosanna cosanta agus faireachais timpeall ar na trí ráig nua sin agus leathadh an chreasa shrianta bhreise timpeall orthu.

(11) Chuir an Spáinn nuashonruithe ar fáil don Choimisiún go rialta i leith na staide eipidéimeolaíche maidir leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar ina críoch. Áirítear leis na nuashonruithe sin na bearta rialaithe galar a rinne an Spáinn agus a ndéanann an Coimisiún athbhreithniú orthu, chun measúnú a dhéanamh ar a n-éifeachtacht, agus éabhlóid an ghalair á cur san áireamh.

(12) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais agus na criosanna srianta breise don Spáinn san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333, ba cheart iad a leasú, ó thaobh spáis agus/nó ama de, agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i réigiún Castilla-La Mancha á cur san áireamh. Ina theannta sin, i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche atá ann faoi láthair, is gá bearta níos déine a chur i bhfeidhm i ndáil le gluaiseachtaí caorach agus gabhar ón gcrios srianta breise go bunaíochtaí lasmuigh den chrios sin, chun leathadh an ghalair go dtí an chuid eile de chríoch na Spáinne agus go dtí an chuid eile den Aontas a chosc. Chuige sin, níor cheart gluaiseachtaí caorach agus gabhar lasmuigh den chrios srianta breise a cheadú ach amháin chuig seamlas lena marú láithreach.

(13) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar, tá sé tábhachtach go mbeadh feidhm ag na bearta a leagtar síos sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo a luaithe is féidir.

(14) Ina theannta sin, agus aird á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Aontas a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Iúil 2023.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 a leasú dá réir.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/10 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus le bolgach gabhar sa Spáinn (IO L 2, 4.1.2023, lch. 126).

(16) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 d'Airteagal 3:

"2. Na gluaiseachtaí seo a leanas maidir le caoirigh agus gabhair a choimeádtar sa chrios srianta breise lasmuigh den chrios sin laistigh de chríoch na Spáinne, féadfaidh an t-údarás inniúil iad a údarú:

— Gluaiseachtaí caorach agus gabhar díreach chuig seamlas lena marú láithreach;"

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

Cur i bhfeidhm

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Iúil 2023."

(3) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2333.

Airteagal 2

Seolaí

Is chuig Ríocht na Spáinne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Feabhra 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
Stella KYRIAKIDES
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN

A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar ráigeanna deimhnithe**

Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de na criosanna srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
Réigiún Castilla – La Mancha ES-CAPRIPOX-2023-00001 ES-CAPRIPOX-2023-00002 ES-CAPRIPOX-2023-00003	An crios cosanta: Na codanna sin de chúigí Cuenca agus Ciudad Real, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 5 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5105823, domhanfhad -2.4881244 (2023/01); domhanleithead 39.4754483, domhanfhad -2.1693509 (2023/2); domhanleithead 39.3779337, domhanfhad -3.2065384 (2023/3)	22.03.2023
	An crios faireachais: Na codanna sin de chúigí Cuenca, Ciudad Real, Toledo agus Albacete, lasmuigh den limistéar a dtugtar tuairisc air sa chrios cosanta agus atá laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 20 ciliméadar agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5105823, domhanfhad -2.4881244 (2023/01); domhanleithead 39.4754483, domhanfhad -2.1693509 (2023/2); domhanleithead 39.3779337, domhanfhad -3.2065384 (2023/3)	07.04.2023
	An crios faireachais: Na codanna sin de chúigí Cuenca agus Ciudad Real, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 5 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 39.5105823, domhanfhad -2.4881244 (2023/01); domhanleithead 39.4754483, domhanfhad -2.1693509 (2023/2); domhanleithead 39.3779337, domhanfhad -3.2065384 (2023/3)	23.03.2023-07.04.2023

B. **Criosanna srianta breise**

Réigiún	Limistéir a bhunaítear mar chriosanna srianta breise, cuid de na criosanna srianta sa Spáinn dá dtagraítear in Airteagal 1	An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí
An réigiún **An Chaistíl – La Mancha**	Crios srianta breise ina bhfuil na cúigí seo a leanas: — Albacete — Ciudad Real — Cuenca — Toledo	17.05.2023"